

Intéirneacht sa Rannóg um Dhí-armáil agus Neamhiomadú

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar intéirneacht sa Rannóg um Dhí-armáil agus Neamhiomadú de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Tá an dí-armáil agus an neamhiomadú ina bpríomhchuspóirí beartais eachtraigh de chuid na hÉireann agus baineann an phríomhobair a dhéanann an Rannóg le cur in iúl agus cur chun cinn bheartas an Rialtais sa bhaile agus thar lear.

Tá **aon post** le líonadh, ar feadh tréimhse dó-dheag mí, ag tosú i **mí na Márta 2018**.

Cáilíochtaí/Taithí:

- Tá céim le céadonóracha nó dara honóracha sa Chaidreamh Idirnáisiúnta, sa Dlí, sa Pholaitíocht nó i ndisciplín ábhartha eile de dhíth;
- Eolas maith faoi chaidreamh idirnáisiúnta agus spéis ann, go háirithe maidir le ceistanna um dhí-armáil agus um neamh-iomadú agus tuiscint mhaith ar ról agus ar thosaíochtaí beartais eachtraigh na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.
- Ba bhuntáiste é eolas maith a bheith ag iarrthóirí ar phróisis AE agus ar phróisis na Náisiún Aontaithe;
- Is inmhianaithe taithí oibre a bheith ag iarrthóirí le hinstiúidí iltaobhacha;
- Ní mór scileanna maithe ríomhaireachta agus taighde a bheith ag na hiarrthóirí, mar aon le cumas scríbhneoireachta, agus an cumas a bheith ag obair astu féin nó mar dhuine d'fhoireann.
- Is inmhianaithe scileanna láidre eagrúcháin agus taithí ar imeachtaí a phleanáil a bheith ag na hiarrthóirí.

I gcás iarrthóirí a bhfuil intéirneacht nó fostaíocht sé mhí nó níos faide déanta acu cheana féin sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála nó i Misean Taidhleoireachta de chuid na hÉireann thar lear, níl siad incháilithe chun dul san iomaíocht.

Ba cheart iarratais chomhlánaithe (CV ina bhfuil cáilíochtaí, taithí oibre agus scileanna eile sonraite, ainmneacha beirt mholtóirí agus litir chumhdaithe ghearr ina bhfuil cur síos ar d'oiriúnacht don phost) agus iad marcáilte go soiléir, **IARRATAS AR INTÉIRNEACHT**, a chur isteach go leictreonach faoin am scoir gnó ar **5pm, 9 Feabhra 2018 chuig:**

An Stiúrtóir um Dhí-armáil agus Neamhiomadú
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
80 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Ríomhphost: Disarmament@dfa.ie

Is ar bhonn agallamh iomaíoch a líonfar na poist. Cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta le haghaidh agallamh ar bhonn na faisnéise a bheidh sonraite ina n-iarratais. D'fhéadfadh intéirneachtaí eile a bheith le líonadh ar ball i Rannóga eile de chuid na Roinne, nó i misin thar lear, agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí iarrthóirí ar an bpainéal a mheas i leith na bpost sin.

Is dócha go mbeidh na hagallaimh ar siúl le linn na seachtaine dar tús an **26 Feabhra, 2018**.
Faisnéis faoin gconradh:

Is é an ráta pá is infheidhme an chéad phointe ar scála tuarastail an Oifigigh Feidhmiúcháin.
Láthair: Beidh an intéirneacht sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Baile Átha Cliath 2;

Níl aon teidlíocht chun stádas Státseirbhíse i gceist.

Incháilitheacht: Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil saoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar na poist seo. Cuimsíonn an Limistéir Eorpach Eacnamaíoch ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

Má tá amhras ar aon iarrthóir ina leith sin, ba chóir dó nó di dul i gcomhairle leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Fostóir Comhdheiseanna is ea an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndícháileofar aon iarrthóir a dhéanfaidh iarracht ar bith, bíodh sí díreach nó neamhdhíreach, tionchar a imirt ar an bpróiseas roghnóireachta.